C/2024/4500

9.7.2024

Fógra maidir le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagail 10a(13) agus 25a(13) de Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le hárachas in aghaidh dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú in aghaidh an dliteanais sin

(C/2024/4500)

An 10 Meitheamh 2024, thug na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 10a(1) agus 25a(1) de Threoir 2009/103/CE [1] agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagail 10a(13), an dara fomhír, pointe (b), agus Airteagal 25a(13), an dara fomhír, pointe (b), den Treoir sin na comhaontuithe i gcrích maidir lena bhfeidhmeanna agus a n-oibleagáidí agus na nósanna imeachta le haghaidh aisíocaíochta de bhun Airteagail 10a(13) agus 25a(13) den Treoir sin. Tiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ón 10 Iúil 2024.

---

[1] Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le hárachas in aghaidh dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú in aghaidh an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/103/oj).